



Capaillíní Chonamara

Cé go bhfuil daoine ag plé le capaillíní Chonamara i gceantar Chois Fharraige le blianta fada, tá borradh thar cuimse tagtha leis an gceird sna blianta beaga seo anuas agus bhí an bhliain seo caite thar barr ar fad, ó thaobh comórtais agus duaiseanna de. Bhí an-bhliain ag Seáinín Willy Ó Fátharta as na hAille agus ag Máirín agus Gerry Ó Gríofa as Cor na Rón a bhuaigh roinnt mhaith duaiseanna ag na Seóanna éagsúla a bhí ar siúl i rith an tsamhraidh.

Bhuaigh capall le Seáinín, *Inverin Boy*, an Chraobh Shóisearach ag an Seó a bhí ar an gCaiseal, agus ag Seó an Chlocháin bhuaigh a chapall, *Inverin Rocky*, an Chraobh Shóisearach do staileanna 3 bliana chomh maith leis an dara háit san iomlán a fháil sa bpríomhChraobhchomórtas.

Ar ndóigh, ní ón ngaoth a thug Gerry Ó Gríofa an tsuim atá aige sna capaill, mar bhí é a sheanathair, Coleman Conneely (Cóil Learaí) as Baile na hAbhann ar dhuine den dream a bhuaigh duais ag an gcéad 'Connemara Pony Show' a reáchtáiladh i gCloch na Rón i 1924, gan trácht ar na duaiseanna eile a bhuaigh sé i gcaitheamh a shaoil.





Ar barr:
Gerry Ó
Gríofa agus a
chapall
*Atlantic
Collette*, tar
éis Corn
Sheáin Uí
Fheinneadha a
bhuachaint ag
Seó an Spidéil 2004.

Sa lár: Buaiteoirí ag Seó na gCapall ar an Sraith Salach, 1925. Seans maith go bhfuil fear na Tulaí, Cóil Learaí, ina measc más féidir é a aithint, mar bhuaiigh sé duais an lá sin freisin (tá clúdach Clár an Lae ar dheis).

Ar chlár: Gerry Ó Gríofa agus a shearrach fireann, *Comarone Shanna Star*, in éineacht le Séamas Keady, nuair a bhuaiigh sé Corn Cuimhneacháin Michael Clancy.